Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0400(NLE)

2.2.2024

****

DRÉACHTMHOLADH

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla (COM(2023)0705 – C9-xxxx/2023 – 2023/0400(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Thijs Reuten

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla
(COM(2023)0705 – C9-xxxx/2023 – 2023/0400(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0705),

– ag féachaint don dréachtchomhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla (xxxx/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2), le hAirteagal 85 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-xxxx/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na hAirméine.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é atá i gceist leis an gComhaontú seo idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine ná an chéad chomhaontú idirnáisiúnta maidir le comhar idir an Ghníomhaireacht Eorpach um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus na húdaráis inniúla i dtríú tír ó tháinig Rialachán Eurojust i bhfeidhm an 12 Nollaig 2019. Chun go mbeidh an comhar breithiúnach idirnáisiúnta éifeachtach, is bunriachtanach comhaontuithe maidir le comhar le tríú tíortha a bheith ann.

Leis an gcomhaontú sin, cuirfear feabhas ar an gcomhar le húdaráis na hAirméine a bhfuil baint acu le coireanna tromchúiseacha a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Tá sé thar a bheith tábhachtach nach bhféadfaí é sin a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn comhaontuithe faoi réir coimircí diana i ndáil le cosaint sonraí, príobháideachas agus cearta bunúsacha.

I gcás an Chomhaontaithe seo, is léir go gcomhlíontar na coinníollacha uile agus go bhfuil na coimircí is gá i bhfeidhm. Déanfar faireachán leanúnach air sin a luaithe a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm agus a luaithe a d'fhéadfaí an comhar a chur ar fionraí mar thoradh ar sháruithe féideartha ar an gcomhaontú. Is díol sásaimh dúinn an chéim thábhachtach seo sa chomhar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine.